Cuntas Leithreasa 2022

# Vóta 29

# Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 29, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas atá ceangailte leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 i gcomhair thuarastail agus speansais Oifig an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin agus chun deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

- arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2022, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
- arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil sa bhliain 2022, as leithreasaí neamhchaite a bhain leis an mbliain 2021, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004, maidir leis an tsuim a bheidh le géilleadh a iarchur.

Dlitear barrachas €301.082 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 7.

***Athruithe struchtúracha***

Rinneadh roinnt athruithe ar na cláir sa Vóta Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide chun díriú straitéiseach agus struchtúr athbhreithnithe na Roinne a léiriú ar dhóigh níos fearr. Laghdaíodh an líon clár ó chúig cinn sa bhliain 2021 go ceithre cinn sa bhliain 2022.

- Tá Clár A Gníomhú ar son na haeráide agus ceannaireacht comhshaoil comhdhéanta d'fho-mhírchinn uile an iarchláir um chomhshaol agus bainistíocht dramhaíola, seachas fo-mhírchinn na dtionscnamh feabhsúcháin líontaí talún agus bainistíochta dramhaíola.
- Tá Clár B Claochlú fuinnimh comhdhéanta d'fho-mhírchinn uile an iarchláir fuinnimh.
- Tá Clár C Forbairt an gheilleagair chiorclaigh comhdhéanta den iarchlár um acmhainní nádúrtha, den chlár um iascaigh intíre agus d'fho-mhírchinn na dtionscnamh feabhsúcháin líontaí talún agus bainistíochta dramhaíola.
- Tá Clár D Nascacht agus soláthar cumarsáide comhdhéanta d'fho-mhírchinn uile an iarchláir um chumarsáid.

Léirítear na hathruithe i struchtúr an Vóta sa chaiteachas comparáideach 2021.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, cé is moite de seo a leanas.

***Dímheas ar shócmhainní caipitil***

Déantar mótarfheithiclí a dhímheas thar chúig bliana ar ráta 20% in aghaidh na bliana. Déantar córais shaindeartha TF áirithe agus saintrealamh chun suirbhéireacht a dhéanamh ar ghrinneall na farraige a dhímheas thar thréimhse deich mbliana ar ráta 10% in aghaidh na bliana, agus déantar an trealamh TF/oifige ar fad eile a dhímheas thar chúig bliana ar ráta 20% in aghaidh na bliana.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht sin a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní fhéadfaidh aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le ceanglais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí i bhfeidhm agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú tráthrialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann lena ngabhann buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán
- go bhfeidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

***Iniúchadh inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, ar feidhm í a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh a cuid oibre agus bíonn a pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, a bhíonn á gceadú agamsa i gcomhpháirt leis an gCoiste Iniúchóireachta, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d’aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn leanúnach i gcaitheamh tréimhse réasúnach. Bíonn athbhreithniú á dhéanamh ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí agamsa agus ag an gCoiste Iniúchóireachta go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Soláthar***

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil béim chuí ann ar an dea-chleachtas sa cheannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar leis na treoirlínte ábhartha uile.

Thug an Roinn mionsonraí faoi ocht gcinn déag de chonarthaí neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil i dtaca le ciorclán 40/2002 chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

*Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte ach amháin i gcás trí chonradh (de bhreis ar €25,000) dar luach €220,258 (gan CBL a áireamh) san iomlán, mar atá leagtha amach thíos:

- Baineann conradh amháin dar luach €85,000 (gan CBL a áireamh) le fadú an chonartha a bhí ann cheana le haghaidh seirbhísí teileafónaíochta líne talún tráth a bhí próiseas nua soláthair á dhéanamh.
- Conradh amháin dar luach €39,258 (gan CBL a áireamh) le haghaidh seirbhísí dlí, áit a raibh saineolas agus tuiscint chriticiúil ag an soláthraí ar ní casta dlí nach bhféadfaí a mhacasamhlú go réidh ag céim thábhachtach den tionscadal. Chuaigh an conradh sin in éag ón uair sin i leith.

- Conradh amháin dar luach €96,000 (gan CBL a áireamh) le haghaidh seirbhísí oibritheora lasc-chláir teileafóin. Tar-rolladh an conradh sin chun leanúnachas na seirbhíse a chinntiú go dtí go mbeadh réiteach nua forbartha.

Cuireadh na conarthaí thuas ar áireamh sa tuairisceán bliantúil faoi chiorclán 40/2002 dá dtagraítear thuas.

Tá an Roinn tiomanta fós don líon próiseas soláthair neamhchomhlíontach a dtugtar fúthu a laghdú, agus thug sí roinnt nósanna imeachta nua agus breisithe isteach chun spriocdhíriú go sonrach ar réimsí lena mbaineann neamhchomhlíonadh.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar phríomhrioscaí agus ar na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí corparáideacha i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí a bhíonn roimh an Roinn agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a shuntasaí atá siad. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár, i gcás gur gá, ar bhonn ráithiúil, agus coinnítear riosca a bhaineann le príomhghníomhartha straitéiseacha faoi athbhreithniú leanúnach. Úsáidtear toradh na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainisteofar rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Sa chlár rioscaí, tugtar mionsonraí faoi na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht as rialuithe a fheidhmiú do bhaill foirne shonracha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun le haghaidh faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh sin atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

*Comhlíonadh cánach*

An 3 Márta 2020, thug Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim (na Coimisinéirí Ioncaim) fógra faoi chuairt láithreáin chun tuiscint a ghnóthú ar na próisis agus na córais atá i bhfeidhm ag an Roinn maidir le comhlíonadh cánach a chinntiú, maidir le sochar comhchineáil ar fheithiclí oifigiúla agus maidir le haon taifid eile de réir mar ba ghá.

Le linn na bliana 2020, d'fhostaigh an Roinn iniúchóirí seachtracha chun dhá iniúchadh a dhéanamh, a bhain leo seo: 1) conraitheoirí a úsáid laistigh den Roinn; agus 2) cleachtais bhainistíochta flít inar sainaithníodh saincheisteanna féideartha maidir le comhlíonadh cánach. Tugadh faisnéis do na Coimisinéirí Ioncaim faoi fhionnachtana an dá iniúchadh agus cuireadh in iúl dóibh go ndéanfaí an Roinn athbhreithniú cuimsitheach inmheánach cánach.

Thug an Roinn an t-eolas is deireanaí do na Coimisinéirí Ioncaim ar fud an phróisis, ar ag an deireadh a cuireadh na fionnachtana i láthair i mí Iúil 2022. Ag teacht sna sála air sin, rinne an Roinn nochtadh cáilitheach neamhordaithe arbh ionann é agus €44,466 san iomlán.

Cuireadh in iúl sa chomhfhreagras is déanaí ó na Coimisinéirí Ioncaim i mí na Nollag 2022 go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim ag breithniú fhionnachtana ár n-athbhreithnithe inmheánaigh cánach, mar a cuireadh i láthair iad i mí Iúil 2022, agus cuireadh ar áireamh sa chomhfhreagras sin iarraidh le haghaidh tuilleadh faisnéise. Leanann an Roinn d'idirchaidreamh a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Thug an Roinn nósanna imeachta breisithe isteach chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí sainaitheanta, lena n-áirítear athruithe údaráis tharmligthe a dhéanamh ar bhonn eatramhach go dtí go bhfaighfí an toradh ar an athbhreithniú.

*Cáin conarthaí iomchuí*

An 11 Márta 2021, chuir na Coimisinéirí Ioncaim in iúl don Roinn gur roghnaíodh í le haghaidh seiceáil fíorúcháin ar a tuairisceáin i ndáil le Cáin Conarthaí Iomchuí don bhliain 2018. Ag teacht sna sála ar na seiceálacha fíorúcháin, shainaithin an Roinn roinnt íocaíochtaí iomchuí nár chuir sí in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim tráth a rinneadh iad. Cuireadh na híocaíochtaí neamhthuairiscithe a sainaithníodh faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim i mí Mheán Fómhair 2021. Cé nár cailleadh aon cháin do na Coimisinéirí Ioncaim de bharr na n-íocaíochtaí sin, d'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim fógra pionóis €19,993 as fógraí déanacha, rud a fuair an Roinn roimh an mbliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 agus a glanadh i mí Feabhra 2022.

Mar fhreagairt don tsaincheist thuas, cuireadh próiseas réitigh cuntas chun feidhme lena gcinnteofar go ndéanfar gach fógra ar bhealach tráthúil as seo amach. De bhreis air sin, cuireadh oiliúint i gcáin conarthaí iomchuí ar áireamh sna pleananna oiliúna bliantúla le haghaidh bhaill foirne an Aonaid Cuntas.

**Mark Griffin**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

30 Márta 2023

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 29 Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 29 Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 29 Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

***Scéimeanna iarfheistithe cónaithe***

Scrúdaítear i gCaibidil 8 de mo thuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí do 2022 ról na Roinne maidir le bainistiú agus feidhmíocht scéimeanna áirithe iarfheistithe cónaithe.

***Cibearshlándáil***

I gCaibidil 9 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2022 ina measúnaítear cibearshlándáil sa tSeirbhís Phoiblí, scrúdaítear ról na Roinne i mbainistíocht agus feidhmíocht an chláir cibearshlándála.

***Cistí nár úsáideadh sa Chiste Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh***

Áirítear i gCaibidil 5 de mo thuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí do 2022 alt ar na hiarmhéideanna carntha sa chiste seo.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

22 Meán Fómhair 2023

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach tá an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna cuntas leithreasa, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## Vóta 29 Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid

# Cuntas Leithreasa 2022

| | | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Gníomhú ar son na haeráide agus ceannaireacht comhshaoil | | 134,123 | 96,790 | 92,837 |
| B | Claochlú fuinnimh | | | | |
| | *Bunaidh* | 380,315 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 57,917 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,774,373 | | | |
| | | | 2,212,605 | 1,974,979 | 326,989 |
| C | Forbairt an gheilleagair chiorclaigh | | | | |
| | *Bunaidh* | 98,909 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,000) | | | |
| | | | 97,909 | 90,642 | 80,453 |
| D | Nascacht agus soláthar cumarsáide | | | | |
| | *Bunaidh* | 255,157 | | | |
| | *Forlíontach* | (30,000) | | | |
| | | | 225,157 | 203,213 | 163,722 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 868,504 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 57,917 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,743,373 | | | |
| | | | **2,669,794** | **2,365,624** | **664,001** |
| | *Lúide* | | | | |
| E | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **10,486** | **7,398** | **12,286** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 858,018 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 57,917 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,743,373 | | | |
| | | | **2,659,308** | **2,358,226** | **651,715** |

**Barrachas**

Dlitear barrachas na suime a soláthraíodh, os cionn na glansuime a feidhmíodh, a ghéilleadh don Státchiste.

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas | 301,082,040 | 106,009,093 |
| Géilleadh iarchurtha | — | (57,917,000) |
| **Barrachas le géilleadh** | **301,082,040** | **48,092,093** |

**Mark Griffin**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

30 Márta 2023

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2022

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 2,322,015 | 628,711 |
| Pá | | 34,052 | 28,091 |
| Neamhphá | | 9,557 | 7,199 |
| **Ollchaiteachas** | | **2,365,624** | **664,001** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **7,398** | **12,286** |
| **Glanchaiteachas** | | **2,358,226** | **651,715** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgead tirim | (662) | | |
| Caillteanas ar dhiúscairt | 13 | | |
| Dímheas | 849 | | |
| | | 200 | 629 |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (790,671) | | |
| Laghdú ar fhardail | 29 | | |
| | | (790,642) | (1,421) |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **1,567,784** | **650,923** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 16,113 | 15,792 |
| Measchíosanna | | 1,584 | 1,584 |
| **Glanchostas an chláir** | | **1,585,481** | **668,299** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 29 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 62 | 45 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 12,533 | 12,232 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 3,307 | 3,322 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 52 | 44 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 69 | 69 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 9 | — |
| An Príomh-Chhiste – pinsin airí | | 81 | 80 |
| | | **16,113** | **15,792** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2022

| | Nóta | 2022 €000 | 2021 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 1,573 | 1,559 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim [a] | 2.2 | 137,899 | 240,310 |
| Fardail | 2.3 | 161 | 190 |
| Réamhíocaíocht creidmheasa leictreachais | 2.4 | 793,003 | — |
| Réamhíocaíochtaí eile | 2.5 | 3,284 | 2,092 |
| Ioncam fabhraithe | 2.6 | 14,101 | 1,563 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.7 | 1,121 | 200 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **949,569** | **244,355** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.8 | 18,431 | 2,369 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.9 | 135,308 | 176,800 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.10 | 3,712 | 63,710 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **157,451** | **242,879** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 792,118 | 1,476 |
| **Glansócmhainní** | | **793,691** | **3,035** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe stáit** | 2.11 | **793,691** | **3,035** |

Nóta [a] Tháinig athrú ar fhigiúr comparáideach na bliana 2021 do bhainc ó fhigiúr chuntas leithreasa na bliana 2021 toisc gur cuireadh iarmhéid bainc Chiste an Chláir Bonneagair Peitriliam ar áireamh ann den chéad uair riamh sa bhliain 2022.

## 2.1 Sócmhainní caipitil [a]

| | Troscán oifige | Trealamh oifige agus TF | Trealamh speisialta agus mótarfheithiclí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2022 | 1,404 | 22,688 | 7,976 | 32,068 |
| Breiseanna | — | 302 | 360 | 662 |
| Coigeartú [b] | — | — | 755 | 755 |
| Diúscairtí | (26) | (373) | (219) | (618) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2022 [c] | 1,378 | 22,617 | 8,872 | 32,867 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2022 | 1,281 | 21,993 | 7,235 | 30,509 |
| Dímheas don bhliain | 22 | 307 | 520 | 849 |
| Coigeartú [b] | — | — | 541 | 541 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (26) | (360) | (219) | (605) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2022 | 1,277 | 21,940 | 8,077 | 31,294 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2022** | **101** | **677** | **795** | **1,573** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021 | 123 | 695 | 741 | 1,559 |

Nótaí

[a] Déantar tailte agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit, a bhíonn á rialú nó á mbainistiú ag an Roinn agus nach bhfuil ar áireamh anseo, a liostú in Aguisín A.

[b] Fágadh sócmhainn a fuarthas mar éadáil sa bhliain 2018 ar lár ó bhreiseanna sócmhainne caipitil i mbliain an cheannaigh. Rinneadh coigeartú sa bhliain 2022 chun an costas ollsócmhainní €755,000 agus an dímheas carnach comhfhreagrach €541,000 a thabhairt i gcuntas suas go dtí an 31 Nollaig 2021, rud ba chúis le glanchoigeartú €214,000. Léirítear é sin sa chuntas maoinithe Stáit (féach Nóta 2.11).

[c] Áirítear le costas nó luacháil i dtús na bliana agus ag deireadh na bliana sócmhainní a fuarthas mar éadáil ar chostas ba lú ná €10,000 roimh an 1 Eanáir 2021.

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2022 €000 | 2021 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid agus airgead tirim Vóta 29 ag an bPámháistir Ginearálta | 7,571 | 69,183 |
| Iarmhéid an Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh | 124,263 | 165,138 |
| Ciste an Chláir Bonneagair Peitriliam [a] | 6,065 | 5,989 |
| | **137,899** | **240,310** |

Nóta [a] Tháinig athrú ar fhigiúr comparáideach na bliana 2021 ó fhigiúr chuntas leithreasa na bliana 2021 toisc gur cuireadh iarmhéid bainc Chiste an Chláir Bonneagair Peitriliam ar áireamh ann den chéad uair riamh sa bhliain 2022.

## 2.3 Fardail

| ag an 31 Nollaig | 2022 €000 | 2021 €000 |
|---|---|---|
| Trealamh | 28 | 47 |
| Foilseacháin | 133 | 129 |
| Stáiseanóireacht [a] | — | 14 |
| | **161** | **190** |

Nóta [a] Ón mbliain 2022 i leith, déantar earraí ardtoirte íseal-luacha a chlárú ina n-iomláine mar speansas sa bhliain agus ní aicmítear mar fhardal iad a thuilleadh.

## 2.4 Réamhíocaíocht creidmheasa leictreachais

Mar gheall ar an ardú i bpraghsanna fuinnimh idirnáisiúnta agus ar an éifeacht iarmhartach do chustaiméirí baile, cheadaigh an Rialtas dhá Scéim Sochar Éigeandála Costais Leictreachais sa bhliain 2022.

Mar fhreagairt d'arduithe leantacha praghais, thug an Rialtas an dara scéim isteach ina gcuirfí trí íocaíocht ab fhiú €183.49 an ceann (gan CBL a áireamh) do shochar do bhreis agus 2.1 milliún cuntas leictreachais baile idir mí na Samhna 2022 agus mí Aibreáin 2023.

Sa bhliain 2022, d'íoc an Roinn €1.211 billiún le Líonraí BSL faoin dara scéim lena dháileadh ar chustaiméirí idir mí na Samhna 2022 agus mí Aibreáin 2023. Dáileadh €793.003 milliún den tsuim sin ar chuntais leictreachais baile aonair sa bhliain 2023.

## 2.5 Réamhíocaíochtaí eile [a]

| ag an 31 Nollaig | 2022 €000 | 2021 €000 |
|---|---|---|
| Riarachán | 583 | 7 |
| Forbairt an gheilleagair chiorclaigh | 1,517 | 68 |
| Gníomhú ar son na haeráide agus ceannaireacht comhshaoil | 41 | 1,061 |
| Nascacht agus soláthar cumarsáide | 946 | 190 |
| Claochlú fuinnimh | 197 | 766 |
| | **3,284** | **2,092** |

Nóta [a] Athchatagóiríodh faoi riarachán agus faoi cheithre phríomh-cheannteideal cláir fo-mhírchinn na Roinne na figiúirí comparáideacha na bliana 2021 le haghaidh figiúirí réamhíocaíochtaí.

## 2.6 Ioncam fabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2022 €000 | 2021 €000 |
|---|---|---|
| Sonraisc dleachta mianadóireachta [a] | 11,900 | — |
| Sonraisc féichiúnaithe eile | 2,201 | 1,563 |
| | **14,101** | **1,563** |

Nóta [a] Bhí moill ann ar shonraisc dleachta mianadóireachta a eisiúint sa bhliain 2022. Tá na sonraisc sin le heisiúint sa bhliain 2023.

## 2.7 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2022 €000 | 2021 €000 |
|---|---|---|
| Párolla | — | 29 |
| Tuarastail ball foirne ar iasacht | 83 | 30 |
| Iarmhéid idirchuideachta – An Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh (Nóta 7.2) | 647 | — |
| An Ciste Comhshaoil | 115 | — |
| Míreanna eile ar fionraí | 276 | 141 |
| | **1,121** | **200** |

## 2.8 Speansais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Riarachán | 790 | 459 |
| Forbairt an gheilleagair chiorclaigh | 1,689 | 619 |
| Gníomhú ar son na haeráide agus ceannaireacht comhshaoil | 313 | 30 |
| Nascacht agus soláthar cumarsáide | 15,223 | 1,235 |
| Claochlú fuinnimh | 416 | 26 |
| | **18,431** | **2,369** |

## 2.9 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin shiarchoinneálach | 954 | 552 |
| Cáin bhreisluacha | 690 | 334 |
| Fáltais ón státchiste (nóta 4.3) | — | 165 |
| ÍMAT/ÁSPC | 903 | 745 |
| | 2,547 | 1,796 |
| **Fionraí** | | |
| An Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh (nóta 7.2) | 124,263 | 165,138 |
| Ciste an Chláir Bonneagair Peitriliam (nóta 7.1) [a] | 6,065 | 5,989 |
| Iarmhéid idirchuideachta – An Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh (nóta 7.2) | 242 | — |
| An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | — | 1,547 |
| Dlite do Chiste an Chláir Bonneagair Peitriliam | — | 150 |
| Ciste Bithcharbóin an Bhainc Dhomhanda atá dlite do GBCN | — | 415 |
| Seirbhís freagartha do ghlaonna éigeandála | 1,392 | 1,267 |
| Eile | 799 | 498 |
| | 132,761 | 175,004 |
| | **135,308** | **176,800** |

Nóta [a] Tháinig athrú ar fhigiúr comparáideach na bliana 2021 do chuntais fionraí ó fhigiúr chuntas leithreasa na bliana 2021 toisc gur cuireadh réamhíocaíochtaí Chiste an Chláir Bonneagair Peitriliam ar áireamh ann den chéad uair riamh sa bhliain 2022.

## 2.10 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 301,082 | 48,092 |
| Géilleadh iarchurtha | — | 57,917 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (297,370) | (42,299) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **3,712** | **63,710** |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 137,899 | 240,310 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 1,121 | 200 |
| | 139,020 | 240,510 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (2,547) | (1,796) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (132,761) | (175,004) |
| | (135,308) | (176,800) |
| | **3,712** | **63,710** |

## 2.11 Cuntas maoinithe stáit

| | **Nóta** | | **2022** | **2021** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 3,035 | 2,243 |
| | | | | |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 2,659,308 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (301,082) | | |
| Glanvóta | | | 2,358,226 | 651,715 |
| | | | | |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 16,113 | 15,792 |
| Míreanna neamhairgid thirim – coigeartú sócmhainní caipitil | 2.1 | | 214 | — |
| Caiteachas nach airgead tirim é – measchíos | 1 | | 1,584 | 1,584 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (1,585,481) | (668,299) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **793,691** | **3,035** |

## 2.12 Ceangaltais

| **a) Ceangaltais dhomhanda**<br>ag an 31 Nollaig | **2022**<br>**€000** | **2021**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 17,479 | 7,565 |
| Cláir deontas caipitil [a] | 313,573 | 152,748 |
| Tionscadail agus cláir chaipitil | 2,400,673 | 2,631,557 |
| **Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí** | **2,731,725** | **2,791,870** |

| **b) Cláir deontas caipitil**<br>Ag an 31 Nollaig | **2022**<br>**€000** | **2021**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh [a] | 152,748 | 151,454 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (40,503) | (93,056) |
| Ceangaltais maidir le deontais nua [a] | 241,581 | 110,300 |
| Deontais a cealaíodh | (40,253) | (15,950) |
| **Iarmhéid deiridh [a]** | **313,573** | **152,748** |

Nóta [a] Tháinig athrú ar fhigiúr comparáideach na bliana 2021 do chláir deontas caipitil ó chuntas leithreasa na bliana 2021 mar gheall ar choigeartú €19.042 milliún a rinneadh i ndáil le ceangaltais faoin gCiste um Aistriú Cóir, ar ceangaltais iad a cuireadh ar áireamh i liosta ceangaltas na bliana 2021 ach a fágadh amach as an iomlán foriomlán de dheasca earráide.

**c) Mórthionscadail chaipitil ina bhfuil luach an tionscadail níos airde ná €10 milliún**

| **Clár/tionscadal** | **Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2021** | **Caiteachas in 2022** | **Ceangaltais maidir le tionscadail i mblianta ina dhiaidh** | **Caiteachas ionchais iomlán shaolré an tionscadail 2022** | **Caiteachas ionchais iomlán shaolré an tionscadail 2021** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Postchóid náisiúnta | 29,518 | 1,960 | 4,007 | 35,485 | 33,943 |
| An Plean Náisiúnta Leathanbhanda | 177,232 | 165,950 | 2,355,118 | 2,698,300 | 2,764,000 |
| INFOMAR [a] | 58,501 | 4,144 | 6,401 | 69,046 | 61,089 |
| Tellus [b] | 25,502 | 2,018 | 4,567 | 32,087 | 28,243 |
| | **290,753** | **174,072** | **2,370,093** | **2,834,918** | **2,887,275** |

Nótaí [a] Clár náisiúnta suirbhéireachta is ea INFOMAR lena ndéantar mapáil ar ghrinneall farraige na hÉireann agus lena dtugtar sonraí bonnlíne faoi earnáil mhuirí na hÉireann.

[b] Clár náisiúnta suirbhéireachta is ea Tellus lena mbailítear sonraí geoifisiceacha agus geoiceimiceacha ar fud na hÉireann trí shuirbhéireacht gheoifisiceach ón aer agus úsáid á baint as aerárthaí atá ag eitilt go híseal agus trí shuirbhéireacht gheoiceimiceach thalamhbhunaithe ar ithir, ar uisce srutháin agus ar dhríodar srutháin.

**Difríochtaí suntasacha**

Tugtar míniú thíos i dtaca le haon mhórcheangaltas ina bhfuil athrú is mó ná €500,000 tagtha ar an gcaiteachas ionchais iomlán i gcomparáid leis an mbliain 2021.

**Postchóid náisiúnta**

*Méadú ar chaiteachas ionchais iomlán: €1.542 milliún*

Tá an méadú ina léiriú ar bhunú an treoirthionscadail sa bhliain 2022, trí athrú conartha, chun sonraí a sholáthar ar bhonn míosúil faoi leithdháileadh Éirchód le haghaidh foirgnimh nuathógtha. Ag teacht sna sála ar chríochnú rathúil an treoirthionscadail i mí na Nollag 2022, beidh costais bhreise ann sa bhliain 2023 a bheidh ag baint le scaipeadh míosúil Éirchód a chothabháil.

**An Plean Náisiúnta Leathanbhanda**

*Laghdú ar chaiteachas ionchais iomlán: €65.7 milliún*

Tháinig an laghdú chun cinn toisc gur áiríodh leis an gcostas conartha measta bunaidh soláthar do ráta CBL de 23% ar an ngné fóirdheontais naisc den chonradh. Fuair an Roinn comhairle ó na Coimisinéirí Ioncaim ina dhiaidh sin á rá gurb é 13.5% an ráta CBL is infheidhme.

**INFOMAR**

*Méadú ar chaiteachas ionchais iomlán: €7.957 milliún*

Baineann caiteachas ar an tionscadal INFOMAR le roinnt conarthaí gearrthéarma dá léiríonn caiteachas agus ceangaltais pointe ama agus atá faoi réir athraithe ó bhliain go bliain. Léirítear sa mhéadú sa chaiteachas ionchais iomlán thar shaolré an tionscadail na seacht gconradh nua a ndeachthas isteach iontu sa bhliain 2022 chun leanúint den tionscadal INFOMAR, rud atá ar an mbóthar ceart fós lena chríochnú sa bhliain 2026.

**Tellus**

*Méadú ar chaiteachas ionchais iomlán: €3.844 milliún*

Baineann caiteachas ar an tionscadal Tellus le roinnt conarthaí gearrthéarma dá léiríonn caiteachas agus ceangaltais pointe ama agus atá faoi réir athraithe ó bhliain go bliain. Léirítear sa mhéadú sa chaiteachas ionchais iomlán thar shaolré an tionscadail sé fhadú conartha sa bhliain 2022 chun leanúint den tionscadal Tellus. Tá an Roinn ag súil go gcríochnófar an clár sa bhliain 2026, trí thacair sonraí agus léirmhínithe aeir agus ithreach a sholáthar. Tá dáta críochnaithe le haghaidh clár draenála le cur ar aghaidh fós, agus ba dhóigh go mbeadh maoiniú ag teastáil uaidh tar éis na bliana 2026.

## 2.13 Feabhsúchán talún

Tabhaíonn an Roinn costais i dtaca le mianaigh stairiúla, go háirithe in Abhóca agus i mBéal Átha Gabhann, arb iad na láithreáin is airde riosca iad. Baineann caiteachas le cothabháil agus le hathshlánú de réir mar a theastaíonn siad ag gach láithreán agus le monatóireacht comhshaoil ag Abhóca agus ag Béal Átha Gabhann, rud a thuairiscítear faoi Fho-mhírcheann C.3.

| | Caiteachas go deireadh 2021 | Caiteachas in 2022 | Ceangaltais Chonartha | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Abhóca | 4,801 | 59 | — | 4,860 |
| Béal Átha Gabhann | 11,190 | — | — | 11,190 |
| Monatóireacht comhshaoil | 1,832 | — | — | 1,832 |
| Oibreacha éigeandála eile | — | 13 | — | 13 |
| | **17,823** | **72** | — | **17,895** |

## 2.14 Cibearshlándáil

Tá an Roinn freagrach as beartas cibearshlándála in Éirinn agus as freagairt slándála an Rialtais d’aon teagmhais cibearshlándála ar leibhéal náisiúnta a chomhordú. Comhlíonann an Rialtas na freagrachtaí sin tríd an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála. Déantar caiteachas a bhaineann leis an gcibearshlándáil a thuairisciú faoin gclár nascachta agus soláthar cumarsáide atá léirithe thíos, agus costais riaracháin a bheith á n-íoc ó fho-mhírchinn D.1 agus D.2 agus ó mhaoiniú oibríochtúil a soláthraíodh trí fho-mhírcheann D.6.

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Riarachán – pá | 2,851 | 2,054 |
| Taisteal agus cothú | 80 | 9 |
| Oibríochtaí | 3,424 | 1,808 |
| | **6,355** | **3,871** |

## 2.15 Dliteanais theagmhasacha

D'fhéadfadh dliteanais airgeadais teacht chun cinn sa bhliain 2023 agus sna blianta ina diaidh, ag brath ar thorthaí caingne dlí, bíodh siad ar siúl, ar feitheamh nó féideartha, lena n-áirítear caingne dlí de chuid an Aontais Eorpaigh. Ní féidir na méideanna atá i gceist a chinneadh ag an bpointe seo.

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Cionroinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos ar na cláir uile chun costálacha iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 39,632 | 34,052 | 28,091 |
| ii | Taisteal agus cothú | 819 | 721 | 231 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 1,925 | 2,909 | 783 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 440 | 419 | 324 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 3,516 | 2,415 | 3,728 |
| vi | Costais áitribh oifige | 1,424 | 845 | 614 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 2,402 | 2,107 | 1,399 |
| viii | Trealamh, stórtha agus cothabháil | 196 | 141 | 120 |
| | | **50,354** | **43,609** | **35,290** |

### Difríochtaí suntasacha

Cuirtear i láthair sa nóta seo na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**i Tuarastail, pá agus liúntais**

*Soláthar meastacháin €39.632 milliún; toradh €34.052 milliún*

Baineann an gannchaitheamh €5.58 milliún le hearcaíocht a bheith á hagú ar fud na bliana. Leis an mbuiséad, rinneadh soláthar do chostas lánbhliana na foirne ar fad.

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar meastacháin €1.925 milliún; toradh €2.909 milliún*

Tháinig an caiteachas breise €984,000 chun cinn go príomha mar gheall ar chaiteachas fógraíochta ar an bhfeachtas faisnéise poiblí náisiúnta 'Úsáid Níos Lú'.

**v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha**

*Soláthar meastacháin €3.516 milliún; toradh €2.415 milliún*

Baineann an gannchaitheamh €1.101 milliún le cláir bheartaithe chaipitil um uasghrádú bogearraí a bheith á gcur siar go dtí go bhfostófaí acmhainní oilte.

**vi Costais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin €1.424 milliún; toradh €845,000*

Tháinig an gannchaitheamh €579,000 chun cinn mar gheall ar an moill ar Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála na Roinne a athlonnú chuig a oifig shealadach i Sráid na Craenach i mBaile Átha Cliath 8 agus mar gheall ar choigiltí fuinnimh a baineadh amach in oifigí na Roinne tríd an bhfeachtas ‘Úsáid Níos Lú’.

## Clár A Gníomhú ar son na hAeráide agus Ceannaireacht Comhshaoil

| | | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | | 8,240 | 7,079 | 7,696 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | 2,187 | 1,957 | 1,967 |
| A.3 | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | | 41,619 | 41,600 | 33,422 |
| A.4 | Taighde comhshaoil agus aeráide | | | | |
| | *Bunaidh* | 16,800 | | | |
| | *Forlíontach* | (2,500) | | | |
| | | | 14,300 | 13,536 | 18,043 |
| A.5 | An Ciste Carbóin | | | | |
| | *Bunaidh* | 8,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (3,500) | | | |
| | | | 4,500 | — | 1,797 |
| A.6 | Ceangaltais athraithe aeráide idirnáisiúnta | | 15,000 | 16,045 | 14,972 |
| A.7 | Tionscnaimh aeráide | | | | |
| | *Bunaidh* | 5,077 | | | |
| | *Forlíontach* | 6,000 | | | |
| | | | 11,077 | 9,776 | 3,111 |
| A.8 | An Ciste um Aistriú Cóir (Éire agus an tAontas Eorpach) | | 34,000 | 3,397 | 1,172 |
| *A.10* | *An Ciste um Ghníomhú ar Son na hAeráide* | | — | — | *7,636* |
| A.11 | Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta | | 3,200 | 3,400 | 3,021 |
| | | | **134,123** | **96,790** | **92,837** |

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €37.333 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhain €1.391 milliún de sin le caiteachas riaracháin (féach thuas). Is mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha a tharla an chuid eile den athrú €35.942 milliún.

**A.4 Taighde comhshaoil agus aeráide**

*Soláthar meastacháin €16.8 milliún; toradh €13.536 milliún*

Baineann an gannchaitheamh €3.264 milliún le gannchaitheamh i dtaighde ginearálta a bhaineann leis an aeráid ar fud na Roinne. Chuir an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil togra isteach sa bhliain 2022 lenar iarradh maoiniú. Tar éis an togra a athbhreithniú, áfach, bhí an Roinn den tuairim gur ghá tuilleadh forbartha a dhéanamh air agus, dá réir sin, níor réamhíocadh aon mhaoiniú.

**A.5 An Ciste Carbóin**

*Soláthar meastacháin €8 milliún; toradh €nialas*

Soláthraíodh meastachán 2022 roimh straitéis uasdátaithe ón Rialtas le haghaidh comhlíonadh a dhéanamh ar ár sprioc astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi Chinneadh 406/2009/CE maidir le Comhroinnt Díchill (ESD). Bunaithe ar anailís ar dhálaí margaidh, d'uasdátaigh an Roinn an straitéis comhlíonta uaithi agus fuair sí ceadú ón Rialtas i gCinneadh S180/20/10/1210E chun dul isteach in idirbheartaíocht le haghaidh aonaid a cheannach ó bhallstát eile. Forghníomhófar ceannach na n-aonad sin sa bhliain 2023.

**A.6 Ceangaltais athraithe aeráide idirnáisiúnta**

*Soláthar meastacháin €15 mhilliún; toradh €16.045 milliún*

Baineann an caiteachas méadaithe €1.045 milliún le vírmint bhreise de phas beag níos mó ná €1 mhilliún chun tacaíocht €2.5 milliún a thabhairt do thionscnamh Chlár Forbartha na Náisiún Aontaithe a comhaontaíodh le linn COP 27.

**A.7 Tionscnaimh aeráide**

*Soláthar meastacháin €5.077 milliún; toradh €9.776 milliún*

Tabhaíodh méadú €4.699 milliún i gcaiteachas toisc gur soláthraíodh meastachán forlíontach €6 mhilliún sa bhliain 2022. Soláthraíodh €3.5 milliún den tsuim sin le haghaidh maoiniú deontais d'Údaráis Áitiúla chun cuntas a thabhairt i gcostais arna dtabhú le linn Pleananna Gnímh Údaráis Áitiúil don Aeráid, ar pleananna reachtúla iad, a sholáthar. Soláthraíodh an tsuim €2.5 milliún atá fágtha chun maoiniú a dhéanamh ar bhabhta maoiniúcháin den Scéim Sound and Vision 4 a bhaineann go sonrach le Gníomhú ar son na hAeráide, a chómhaoinítear i dteannta na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

**A.8 An Ciste um Aistriú Cóir (Éire agus an tAontas Eorpach)**

*Soláthar meastacháin €34 mhilliún; toradh €3.397 milliún*

Bhí gannchaitheamh €30.603 milliún ann. Níor cheadaigh an Coimisiún Eorpach an Clár um Aistriú Cóir agus an Plean Críochach ó Éirinn go dtí an 13 Nollaig 2022 agus, mar thoradh air sin, ní rabhthas in ann tús a chur le caiteachas cláir ar Chiste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir. Tabhaíodh gannchaithimh bhreise i dtaca leis an gClár Náisiúnta um Aistriú Cóir toisc go raibh roinnt deacrachtaí ag deontaithe agus iad ag iarraidh tionscadail a chur chun feidhme, rud ba chúis le moilleanna ar íostarraingtí.

**A.11 Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta**

*Soláthar meastacháin €3.2 milliún; toradh €3.4 milliún*

Tháinig caiteachas breise €200,000 chun cinn mar gheall ar mhaoiniú méadaithe a soláthraíodh chun tacú le gníomhaíochtaí na hÁise do Thimpeallacht na Cruinne (GEF) chun aghaidh a thabhairt ar thruailliú plaisteach, mar gheall ar luaineachtaí airgeadra agus mar gheall ar cheanglais chroíbhuiséad Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe.

## Clár B Claochlú Fuinnimh

| | | | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| B.1 | Riarachán – pá | | | 9,872 | 8,483 | 7,038 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | | | 2,623 | 2,345 | 1,708 |
| B.3 | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann – riarachán agus costais ghinearálta | | | 21,475 | 19,509 | 16,098 |
| B.4 | Cláir iarfheistithe chónaithe/pobail | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 263,578 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 57,917 | | | |
| | | *Forlíontach* | (168,626) | | | |
| | | | | 152,869 | 151,329 | 268,866 |
| B.5 | Cláir éifeachtúlachta fuinnimh eile | | | 46,065 | 43,676 | 22,601 |
| B.6 | Cláir fuinnimh eile (náisiúnta/idirnáisiúnta) | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,050 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,000 | | | |
| | | | | 2,050 | 625 | — |
| B.7 | Cláir um thaighde ar fhuinneamh | | | 25,010 | 9,450 | 10,358 |
| B.8 | Seirbhísí gáis | | | 45 | 42 | 44 |
| B.9 | Comhlíonadh fuinnimh in-athnuaite | | | 10,300 | — | — |
| B.10 | Íocaíocht faoin scéim pinsean aonair le CRU | | | 6 | — | — |
| B.11 | Creidmheas leictreachais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,591,999 | | | |
| | | | | 1,592,000 | 1,588,208 | — |
| B.12 | Síntiús le heagraíochtaí idirnáisiúnta | | | 290 | 312 | 276 |
| B.13 | Toilleadh giniúna éigeandála | | | | | |
| | | *Bunaidh* | — | | | |
| | | *Forlíontach* | 350,000 | | | |
| | | | | 350,000 | 151,000 | — |
| | | | | **2,212,605** | **1,974,979** | **326,989** |

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár B €1.537 billiún níos airde ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí caiteachas riaracháin €1.667 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús (féach thuas). Is mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha a tharla an chuid eile den athrú €1.538 billiún.

**B.3 Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann – riarachán agus costais ghinearálta**

*Soláthar meastacháin €21.475 milliún; toradh €19.509 milliún*

Tháinig an gannchaitheamh €1.966 milliún chun cinn toisc go bhfuair Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann leithdháileadh chun méadú sa líon foirne sa bhliain 2022 chuig 195 choibhéis lánaimseartha a mhaoiniú. Ag an 31 Nollaig 2022, b’ionann a líon foirne agus 170 coibhéis lánaimseartha. Tá feachtais ar oscailt chun daoine a earcú chuig na róil atá fágtha.

**B.4 Cláir iarfheistithe chónaithe/pobail**

*Soláthar meastacháin €321.495 milliún; toradh €151.329 milliún*

Bhí gannchaitheamh iomlán €170.166 milliún ann sa bhliain 2022. Bhí leithdháileadh €263.578 milliún ar na cláir iarfheistithe chónaithe/pobail ag Imleabhar Meastachán Athbhreithnithe na bliana 2022 ar dtús. Mar chuid de fhreagairt an Rialtais don ghéarchéim costas maireachtála, rud a ndearna an cogadh san Úcráin difear diúltach dó, cheadaigh an rialtas scéim creidmheasa leictreachais baile. Aistríodh €128.626 milliún ó fho-mhírcheann na gclár iarfheistithe chónaithe/pobail (B.4) chuig fo-mhírcheann an chreidmheasa leictreachais (B.11) mar chuid de mheastachán forlíontach i mí an Mhárta 2022 chun an scéim sin a pháirtmhaoiniú.

Tháinig an gannchaitheamh €41.54 milliún a bhí fágtha chun cinn mar gheall ar shrianta slabhra soláthair agus fórsa oibre sa tionscal a d’eascair as tosca idirnáisiúnta agus náisiúnta a bhí i réim sa bhliain 2022 agus as moilleanna ar dhlús a chur le gníomhaíocht faoi dhá scéim, eadhon an scéim náisiúnta nua um uasghrádú fuinnimh tí agus an scéim um pobail fuinnimh níos fearr. Le leithdháileadh na bliana 2022 le haghaidh na scéime náisiúnta um uasghrádú fuinnimh tí, soláthraíodh d’oibreacha a bhí le soláthar trí líonra ionad ilfhreastail.

Seoladh an scéim nua i mí Feabhra agus thóg sé roinnt míonna sula raibh na hionaid ilfhreastail in ann na hoibreacha a thosú, rud a d’fhág nár tosaíodh oibreacha críochnaithe tí go dtí na míonna deiridh den bhliain. Seoladh an scéim um pobail fuinnimh níos fearr don bhliain 2022 i mí an Mhárta chun a chinntiú go mbeadh deontais bhaile ag teacht leis an scéim náisiúnta um uasghrádú fuinnimh tí. Ba é an toradh a bhí ar thionscadail uasghrádaithe fuinnimh ar tacaíodh leo faoi na scéimeanna sin a thosú tráth ba dhéanaí ná mar a réamh-mheasadh ná moill iarmhartach ar thionscadail a chríochnú sa bhliain, rud a d’fhág gur cuireadh siar chuig an mbliain 2023 na hoibreacha críochnaithe tí a buiséadaíodh lena n-íoc sa bhliain 2022.

Ag teacht sna sála ar dhara meastachán forlíontach i mí Iúil 2022, aistríodh €40 milliún chuig fo-mhírcheann B.13 toilleadh giniúna Éigeandála.

**B.5 Cláir éifeachtúlachta fuinnimh eile**

*Soláthar meastacháin €46.065 milliún; toradh €43.676 milliún*

Baineann an gannchaitheamh €2.389 milliún go príomha le héileamh a bhí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis ar an gclár Idirchaidrimh Thionsclaíoch (EXEED). D'athbhreithnigh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann an scéim EXEED le linn na bliana agus cuirfear chun feidhme sa bhliain 2023 moltaí chun deireadh a chur le bacainní agus chun an próiseas EXEED a bhreisiú.

Bhí gannchaitheamh ann freisin ar an gclár Fuinnimh In-athnuaite Gnó. Ba é an toradh a bhí ar an Athbhreithniú Bliantúil ar Tharaifí ná gur deonaíodh ceadú le haghaidh roinnt príomhathruithe a rinneadh ar an scéim chun an glacadh léi a mhéadú. Fritháiríodh na gannchaithimh sin trí €6 mhilliún a ath-leithdháileadh sa bhliain ar Scéim Éifeachtúlachta Fuinnimh na hEarnála Poiblí ón gclár EXEED chun iarfheistiú foirgneamh breise san earnáil oideachais a éascú.

**B.6 Cláir fuinnimh eile**

*Soláthar meastacháin €1.05 milliún; toradh €625,000*

Baineann an gannchaitheamh €425,000 go príomha le híocaíochtaí leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) a bheith déanta ó fho-mhírcheann na gclár um thaighde ar fhuinneamh (B.7). Leithdháileadh €1 mhilliún sa bhreis ar an bhfo-mhírcheann trí mheastachán forlíontach chun tacú le feidhm thiomnaithe rialála a bhunú laistigh den Bhord Pleanála. Níor cuireadh an maoiniú sin ar aghaidh sa bhliain 2022.

**B.7 Cláir um thaighde ar fhuinneamh**

*Soláthar meastacháin €25.01 milliún; toradh €9.45 milliún*

Tháinig an gannchaitheamh €15.56 milliún chun cinn go príomha mar thoradh orthu seo a leanas: (i) gannchaitheamh sa chlár um Thaighde agus Forbairt Fuinnimh In-athnuaite mar gheall ar chineál ilbhliantúil tionscadal taighde agus mar gheall ar thionchar leantach phaindéim Covid-19 ar dhámhachtainí taighde atá ann cheana, rud ba chúis le gníomhaíocht taighde laghdaithe sa bhliain; (ii) gannchaitheamh sa tionscadal Fuinnimh Aigéin mar gheall ar acmhainniú agus naisc eangaí a cuireadh ar atráth, rud a chuir moill ar oibreacha ar talamh ar Láithreán Tástála Fuinnimh Mhuirí an Atlantaigh (iii) srianta maidir le hacmhainniú agus éiginnteacht scópála, rud ba chúis le moilleanna ar dhul chun cinn a dhéanamh ar an tionscadal ROADMAP.

**B.9 Comhlíonadh fuinnimh in-athnuaite**

*Soláthar meastacháin €10.3 milliún; toradh €nialas*

Is é atá san fho-mhírcheann seo ná soláthar don Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite i gcás go dteipfidh ar Éirinn a spriocanna fuinnimh in-athnuaite a chomhlíonadh. Mar thoradh ar na haistrithe staitistiúla a chur i gcrích sa bhliain 2020, bhí Éire in ann a hoibleagáidí faoin Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite a chomhlíonadh sa bhliain 2022 agus ní raibh aon cheannacháin bhreise ag teastáil.

**B.11 Creidmheas leictreachais**

*Soláthar meastacháin €1,000; toradh €1.588 billiún*

Mar gheall ar an ardú i bpraghsanna fuinnimh idirnáisiúnta agus ar an éifeacht iarmhartach do chustaiméirí baile, cheadaigh an Rialtas dhá Scéim Sochar Éigeandála Costais Leictreachais. Sa chéad scéim, cuireadh €176.22 (gan CBL a áireamh) do shochar do bhreis agus 2.1 milliún cuntas leictreachais baile i mí Aibreáin/mí na Bealtaine 2022. Mar fhreagairt d’arduithe leantacha praghais, thug an Rialtas dara scéim isteach ina gcuirfí trí íocaíocht ab fhiú €183.49 an ceann (gan CBL a áireamh) do shochar do bhreis agus 2.1 milliún cuntas leictreachais baile idir mí na Samhna 2022 agus mí Aibreáin 2023. Bonn agus taca faoin dá scéim ba ea reachtaíocht phríomha, rud inar leagadh amach feidhmeanna an Oibritheora Córais Dáileacháin (Líonraí BSL) agus na soláthraithe leictreachais le haghaidh oibriú na scéimeanna agus lenar sannadh freagracht don Choimisiún um Rialáil Fóntais (CRU) as formhaoirseacht a dhéanamh orthu. Ós rud é gur bhearta éigeandála iad, níor cuireadh costas na scéimeanna sin ar áireamh sa mheastachán bunaidh le haghaidh na Roinne agus soláthraíodh é trí dhá mheastachán fhorlíontacha.

**B.13 Toilleadh giniúna éigeandála**

*Soláthar meastacháin €nialas; toradh €151 mhilliún*

I mí an Mheithimh 2022, thug an Coimisiún um Rialáil Fóntais ordú do EirGrid thart ar 450 MW de thoilleadh giniúna breise a fháil le haghaidh na tréimhse ó gheimhreadh na bliana 2023/24 go dtí geimhreadh na bliana 2025/26 chun easnamh féideartha toillte sa soláthar leictreachais a fhritháireamh. Ag teacht sna sála ar achtú an Achta um EirGrid, Leictreachas agus Móin (Leasú) i mí Iúil 2022, soláthraíodh €350 milliún in dhá mheastachán fhorlíontacha chun clúdach a dhéanamh ar an tacaíocht airgeadais réamh-mheasta a bheadh ag teastáil ó EirGrid (i) chun orduithe a chur ar na haonaid giniúna leictreachais, agus (ii) chun a chinntiú go ndéanfaí iad a sheachadadh agus a shuiteáil faoi gheimhreadh na bliana 2023/24. De dheasca a chasta a bhí an próiseas soláthair, áfach, bhí moilleanna ann ar chonarthaí a thabhairt chun críche. Ba é €151 mhilliún an íostarraingt sa deireadh ag EirGrid. Dheimhnigh EirGrid go maoineofaí costais eile an tionscadail trína acmhainní corparáideacha féin agus trí mhuirir úsáid tarchurtha córais agus nach mbeadh aon mhaoiniú breise Státchiste ag teastáil.

## Clár C Forbairt an Gheilleagair Chiorclaigh

| | | | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán – pá | | | 9,446 | 8,117 | 6,054 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | | | 2,705 | 2,385 | 1,779 |
| C.3 | Seirbhísí mianadóireachta agus peitriliam | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 3,264 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,000) | | | |
| | | | | 2,264 | 950 | 378 |
| C.4 | Caillteanais suirbhéireachta geolaíochta | | | 12,900 | 11,406 | 10,294 |
| C.5 | Iascaigh Intíre | | | 33,449 | 34,186 | 27,162 |
| C.6 | Cláir bainistíochta dramhaíola | | | 37,010 | 33,477 | 34,762 |
| C.7 | Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta | | | 135 | 121 | 24 |
| | | | | **97,909** | **90,642** | **80,453** |

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár C €8.267 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhain €1.649 milliún de sin le caiteachas riaracháin (féach thuas). Is mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha a tharla an chuid eile den athrú €6.618 milliún.

**C.3 Seirbhísí mianadóireachta agus peitriliam**

*Soláthar meastacháin €3.264 milliún; toradh €950,000*

Baineann an gannchaitheamh €2.314 milliún leo seo: (i) rátaí laghdaithe d'eastóscadh mianraí príobháideacha ag cuideachtaí mianraí faoi cheadúnais mhianadóireachta Stáit agus moilleanna dlí, rud ba chúis le híocaíochtaí cúitimh a rinneadh le húinéirí ceart mianraí i ndáil le mianraí príobháideacha; agus (ii) caiteachas a bhí níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis ar oibreacha ag Abhóca agus ag Béal Átha Gabhann ar feitheamh staidéir indéantachta uasdátaithe a choimisiúnú chun an cur chuige is fearr i leith feabhsúcháin a dhéanamh amach.

**C.4 Caillteanais suirbhéireachta geolaíochta**

*Soláthar meastacháin €12.9 milliún; toradh €11.406 milliún*

Baineann an gannchaitheamh €1.494 milliún go príomha le clár Tellus a bheith á chur ar fionraí go páirteach mar gheall ar shaincheisteanna conraitheoireachta agus soláthair.

**C.6 Cláir bainistíochta dramhaíola**

*Soláthar meastacháin €37.01 milliún; toradh €33.477 milliún*

Baineann an gannchaitheamh €3.533 milliún go príomha le maoiniú a leithdháileadh ar roinnt láithreán le haghaidh feabhsúchán líontaí talún nár íostarraingíodh toisc nach ndearnadh dul chun cinn ar na hoibreacha ar an luas réamh-mheasta.

## Clár D Nascacht agus Soláthar Cumarsáide

| | | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| D.1 | Riarachán – pá | | 12,074 | 10,375 | 7,303 |
| D.2 | Riarachán – neamhphá | | 3,207 | 2,868 | 1,745 |
| D.3 | An Plean Náisiúnta Leathanbhanda | | | | |
| | *Bunaidh* | 225,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (30,000) | | | |
| | | | 195,000 | 177,282 | 144,862 |
| D.4 | Bonneagar cumarsáide eile | | 3,570 | 2,614 | 1,750 |
| D.5 | Cláir gheilleagair dhigitigh eile | | 6,206 | 6,650 | 6,249 |
| D.6 | An Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála | | 5,100 | 3,424 | 1,813 |
| | | | **225,157** | **203,213** | **163,722** |

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár D €51.944 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhain €2.038 milliún de sin le caiteachas riaracháin (féach thuas). Is mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha a tharla an chuid eile den athrú €49.906 milliún.

**D.3 An Plean Náisiúnta Leathanbhanda**

*Soláthar meastacháin €225 mhilliún; toradh €177.282 milliún*

Is mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha a tharla an gannchaitheamh €47.718 milliún:

- Uainiú na n-éileamh ar íocaíochtaí fóirdheontais ó Leathanbhanda Náisiúnta Éireann, rud a bhfuil tionchar aige ar leibhéal na n-íocaíochtaí fóirdheontais Plean Náisiúnta Leathanbhanda. Ba leis an mbliain 2022 a bhain thart ar €14 mhilliún a íocadh sa bhliain 2023.
- Ba ann d'earráid ríofa réamhaisnéisithe a rinne Leathanbhanda Náisiúnta Éireann agus ba chúis le róluachái l€20 milliún maidir le híocaíochtaí fóirdheontais Plean Náisiúnta Leathanbhanda a réamh-mheasadh don bhliain 2022.

- Bhí garsprioc shonrach ann nár baineadh amach sa bhliain 2022. Mar thoradh air sin, bhí na híocaíochtaí fóirdheontais Plean Náisiúnta Leathanbhanda sa bhliain 2022 níos lú, agus iad cothrom le €13.5 milliún. Níl an gharsprioc sin bainte amach sa bhliain 2023 go fóill.

**D.4 Bonneagar cumarsáide eile**

*Soláthar meastacháin €3.57 milliún; toradh €2.614 milliún*

Tháinig an gannchaitheamh €956,000 chun cinn ar dtús go príomha toisc gur lú ná mar a bhíothas ag súil leis a bhí na costais a bhain leis an tionscadal Éirchóid agus mar gheall ar chistí teagmhais neamhtharraingthe le haghaidh an treoirthionscadail mhíosúil Éirchóid.

**D.5 Cláir gheilleagair dhigitigh eile**

*Soláthar meastacháin €6.206 milliún; toradh €6.65 milliún*

Baineann an caiteachas méadaithe €444,000 le cistiú breise €1 mhilliún, a bheag nó a mhór, a soláthraíodh chun cabhair a thabhairt do Ghníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh chun go bhféadfadh sí freastal ar a costais reatha agus tabhairt faoi oibreacha cothabhála riachtanaí sláinte agus sábháilteachta ar a maoine uile toisc nár leor a hioncam tráchtála agus an maoiniú Státchiste a leithdháileadh ar dtús i dteannta a chéile chun déanamh amhlaidh. Fritháiríodh é sin le gannchaitheamh €500,000 ar chonradh de chuid an Lárionaid Náisiúnta Taighde Dhigitigh.

**D.6 An Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála**

*Soláthar meastacháin €5.1 milliún; toradh €3.424 milliún*

Tháinig an gannchaitheamh €1.676 milliún chun cinn ar dtús go príomha toisc gur lú ná mar a bhíothas ag súil leis a bhí na costais a bhain le bogadh an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála chuig saoráid eatramhach nua i mBaile Átha Cliath 8. De bharr na ndúshlán a raibh stádas liostaithe an fhoirgnimh mar chúis leo, athdhearadh bonneagar slándála na saoráide de réir scála níos lú, agus an costas níos lú ná mar a measadh ar dtús. De bhreis air sin, d’íoc Oifig na nOibreacha Poiblí as cuid níos mó de chostas an tionscadail feistithe ná mar a bhíothas ag súil leis ar dtús.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltais ó fhíneálacha de bharr cionta iascaigh intíre | 50 | 24 | 23 |
| 2 | Fáltais faoin Acht Forbairte Mineárál 1940 agus faoin Acht um Fhorbairt Pheitriliaim agus Mianraí Eile 1960 | 5,092 | 1,423 | 6,605 |
| 3 | An Grúpa Tacaíochta um Bonneagar Peitriliam | 402 | 49 | 35 |
| 4 | Ioncam ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann | 300 | 347 | 342 |
| 5 | Cíos ar réadmhaoine in Ard-Oifig an Phoist | 223 | 364 | 85 |
| 6 | Fáltais ilghnéitheacha (nóta 4.2) | 1,000 | 1,288 | 1,372 |
| 7 | Ranníocaíochtaí pinsin ó ghníomhaireachtaí | 340 | 223 | 380 |
| 8 | Fáltais ó ranníocaíocht aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | 3,079 | 3,680 | 3,188 |
| 9 | Fáltais ó chuntais dhíomhaoine | — | — | 256 |
| | **Iomlán** | **10,486** | **7,398** | **12,286** |

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €3.088 milliún níos ísle ná mar a réamh-mheasadh ar dtús. Leagtar mínithe ar athruithe amach thíos.

**2 Fáltais faoin Acht Forbairte Mineárál 1940 agus faoin Acht um Fhorbairt Pheitriliaim agus Mianraí Eile 1960**

*Soláthar meastacháin €5.092 milliún; réadaithe €1.423 milliún*

Is mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha a tharla an t-easnamh €3.669 milliún:

(i) Suim mhór d'ioncam ó cheadúnais pheitriliam a bheith amuigh ag an 31 Nollaig 2022.

(ii) Ráta laghdaithe d'eastóscadh mianraí príobháideacha ag cuideachtaí mianraí faoi cheadúnais mhianadóireachta Stáit, rud ba chúis leis an ioncam cúitimh mianadóireachta ionchais a d'íoc cuideachtaí mianadóireachta a bheith níos ísle ná mar a measadh.

(iii) Bhí moill ann ar shonraisc dleachta mianadóireachta a eisiúint. Tá na sonraisc sin le heisiúint sa bhliain 2023 agus tá siad ar áireamh sa nóta faoi ioncam fabhraithe.

**3 An Grúpa Tacaíochta um Bonneagar Peitriliam**

*Meastachán €402,000; réadaithe €49,000*

Bhí an laghdú €353,000 in ioncam an Ghrúpa Tacaíochta um Bonneagar Peitriliam ar aon dul leis an líon laghdaithe ceadúnas peitriliam. Tionscnaíodh scor ordúil an Chláir Bonneagair Peitriliam, agus níltear ag lorg ranníocaíochtaí leis an gClár le haghaidh tréimhsí dar tosach an 1 Iúil 2021. De bhreis air sin, ba ann do roinnt sonrasc neamhíoctha ar láimh ag an 31 Nollaig 2022 ar measadh go n-íocfaí iad sa bhliain.

**5 Cíos ar réadmhaoine in Ard-Oifig an Phoist**

*Meastachán €223,000; réadaithe €364,000*

Baineann an barrachas €141,000 le híocaíochtaí as sonraisc na bliana 2021 a bheith faighte sna míonna tosaigh den bhliain 2022.

**7 Ranníocaíochtaí pinsin ó ghníomhaireachtaí**

*Meastachán €340,000; réadaithe €223,000*

Baineann an t-easnamh €117,000 le ranníocaíochtaí ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann don bhliain 2022 gan a bheith faighte go dtí mí Eanáir 2023.

**8 Fáltais ó ranníocaíocht aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Meastachán €3.079 milliún; réadaithe €3.68 milliún*

Baineann an barrachas €601,000 go príomha le méadú sa líon ball foirne sa Roinn, sa Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus in Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.

## 4.2 Fáltais ilghnéitheacha

| | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Dleachtanna i dtaca le líonraí achar cathrach | 979 | 942 |
| Dearbhú na Coraibe | — | 21 |
| Costais a aisghabhadh ó chomhlachtaí eile | 130 | 224 |
| Aisghabháil ró-íocaíochtaí tuarastail ó bhlianta roimhe | — | 176 |
| Táille i leith iarratas ar Thoiliú Limistéir Mhuirí | 175 | — |
| Eile | 4 | 9 |
| **Iomlán** | **1,288** | **1,372** |

## 4.3 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 165 | 152 |
| Fáltais ón scéim i ndáil le trádáil astaíochtaí [a] | 215,669 | 147,694 |
| Ducht teileachumarsáide na Gaillimhe-Mhaigh Eo | 200 | 206 |
| Sciar den bharrachas ar chuideachta an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda a dhíol [b] | 42,775 | — |
| Íostarraingt bhannaí feidhmíochta RESS | 1,006 | — |
| Dúnadh Chiste Bithcharbóin an Bhainc Dhomhanda | 415 | — |
| Aisíocaíocht Tháillí Pobal don bhliain 2021 | 109 | — |
| Díolachán scaireanna NDRC | — | 66 |
| Fáltais ó árachas agus ó thionscadail | — | 99 |
| Géilleadh deonach tuarastal Aire | 21 | 21 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (260,360) | (148,073) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **—** | **165** |

Nótaí

a Is ionann €215.669 milliún agus ollsciar na hÉireann d'fháltais a d'eascair as liúntais a chur ar ceant i Scéim Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh sa bhliain 2022. Íocadh €1.547 milliún ar aghaidh leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i mí Eanáir 2023 le haghaidh costais riaracháin.

b I gcás dhíol na scaireanna in Metallah (arb é máthairchuideachta NBII (NBI Infrastructure) agus NBID (NBI Deployment) é), níl an tAire i dteideal sciar ach sna fáltais díolacháin i ndáil leis an luach is inchurtha i leith NBII amháin (i.e., gan NBID a áireamh) más mó ná ráta sochair 25% an toradh ar infheistíocht a ghnóthaíonn na scairshealbhóirí. Faoin gconradh idir NBII agus an tAire, tá an tAire i dteideal sciar 25% de na fáltais os cionn thairseach an ráta sochair 25% sin. Tar éis dhíol scaireanna Metallah sa bhliain 2022, íocadh €42.775 milliún leis an Roinn i mí na Samhna 2022 faoin gclásal seo.

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | | |
| Roinn | 534 | 438 |
| Gníomhaireachtaí [a] | 961 | 903 |
| | **1,495** | **1,341** |

Nóta [a] Is iad na gníomhaireachtaí a áirítear anseo ná an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, Iascach Intíre Éireann, Gníomhaireacht na Lochanna agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Baineann na sonraí pá gníomhaireachta atá ar áireamh i nótaí 5.2 agus 5.3 thíos leis na gníomhaireachtaí céanna sin.

### 5.2 Pá

**Luach saothair na foirne uile (Roinn agus gníomhaireachtaí)** [a]

| | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 89,245 | 78,709 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 364 | 322 |
| Liúntais eile | 1,583 | 1,644 |
| Ragobair | 50 | 48 |
| ÁSPC an Fhostóra | 8,798 | 7,620 |
| **Pá iomlán** | **100,040** | **88,343** |

**Luach saothair fhoireann na Roinne**

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 31,125 | 25,691 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise [b] | 109 | 158 |
| Liúntais eile [b] | — | — |
| Ragobair | 25 | 23 |
| ÁSPC an Fhostóra | 2,793 | 2,219 |
| **Pá iomlán** | **34,052** | **28,091** |

**Luach saothair fhoireann na ngníomhaireachtaí**

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 58,120 | 53,018 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 255 | 286 |
| Liúntais eile | 1,583 | 1,522 |
| Ragobair | 25 | 25 |
| ÁSPC an Fhostóra | 6,005 | 5,401 |
| **Pá iomlán** | **65,988** | **60,252** |

Nótaí

[a] Tagraíonn na socruithe luach saothair do ghné an phá d'fho-mhírchinn A.1, A.3, B.1, B.3, C.1, C.5, D.1 agus D.5. Áirítear leis na figiúirí seo airgead neamhvótáilte lena chinntiú go gcomhlíontar treoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe (ciorclán 22 de 2022).

[b] Athluadh figiúirí na bliana roimhe chun go mbeadh siad ina léiriú níos fearr ar an treoirnóta maidir le liúntais.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2022 | 2021 |
| | | | € | € |
| **Foireann na Roinne** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise [a] | 37 | 2 | 12,300 | 20,318 |
| Liúntais eile [a] | 3 | — | 65 | — |
| Ragobair | 10 | — | 8,549 | 3,799 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 7 | 1 | 11,628 | 11,328 |
| **Foireann na ngníomhaireachtaí** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 78 | 5 | 18,873 | 17,948 |
| Liúntais eile | 312 | — | 8,763 | 40,534 |
| Ragobair | 61 | — | 3,553 | 4,513 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 59 | 9 | 22,394 | 18,982 |

Nóta [a] Athluadh figiúirí na bliana roimhe chun go mbeadh siad ina léiriú níos fearr ar an treoirnóta maidir le liúntais.

## 5.4 Bandaí pá fhostaithe na Roinne

Tá líon na bhfostaithe de chuid na Roinne a raibh a sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais agus ragobair, gan ÁSPC an fhostóra agus costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus a tháinig faoi gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh mar a leanas.

| Bandaí pá (€) | | Líon fostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2022** | **2021** |
| 20,000 | 59,999 | 278 | 239 |
| 60,000 | 69,999 | 53 | 61 |
| 70,000 | 79,999 | 60 | 55 |
| 80,000 | 89,999 | 40 | 33 |
| 90,000 | 99,999 | 33 | 12 |
| 100,000 | 109,999 | 19 | 14 |
| 110,000 | 119,999 | 8 | 6 |
| 120,000 | 129,999 | 3 | 1 |
| 130,000 | 139,999 | 2 | — |
| 140,000 | 149,999 | — | — |
| 150,000 | 159,999 | 2 | 4 |
| 160,000 | 169,999 | 4 | 1 |
| 170,000 | 179,999 | 1 | — |
| 180,000 | 189,999 | 1 | — |
| 190,000 | 199,999 | 1 | 1 |
| 200,000 | 209,999 | — | 1 |
| 210,000 | 219,999 | 1 | — |

## 5.5 Socruithe eile maidir le luach saothair

Rinneadh státseirbhíseach scortha a earcaíodh trí chomórtas oscailte sa bhliain 2019 agus ar tugadh ardú céime dó ina dhiaidh sin trí chomórtas oscailte sa bhliain 2022 tuarastal €71,794 a fháil le linn na bliana 2022. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh i gcomhréir le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, agus laghdaíodh an pinsean dá réir.

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €543,077 i dtaca le cúigear oifigeach a bhí ag fónamh taobh amuigh den Roinn ar feadh na bliana 2022 ar fad agus ar íoc an Roinn a dtuarastail.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i dtaca le ceithre oifigeach is fiche a bhí ag fónamh taobh amuigh den Roinn ar feadh na bliana 2022 ar fad nó ar feadh cuid di i ranna/oifigí eile Rialtais agus ar íoc an roinn/na hoifigí inar oibrigh siad a dtuarastail.

## 5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | **Líon na bhfaighteoirí** | **2022**<br>**€** | **2021**<br>**€** |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 30 | 105,619 | 143,663 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 10 | 71,966 | 86,925 |

## 5.7 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Bhí luach saothair agus sochair inchánach an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais mar a leanas:

| | **2022**<br>**€000** | **2021**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Bunphá | **213** | **201** |

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse ar áireamh san fhigiúr thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina chomhalta den scéim aoisliúntais réamh-1995 do státseirbhísigh bhunaithe agus ní théann a theidlíochtaí chun sochair scoir thar théarmaí na scéime pinsean sin.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Maoiniú ón Aontas Eorpach

Áirítear leis an toradh atá léirithe i bhfo-mhírchinn A.7 agus C.4 íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí a gcómhaoiníonn an tAontas Eorpach iad trí thionscadail Life, Fhís 2020 agus Interreg.

Fuair an Roinn maoiniú €103,000 (2021: €186,000) ón Aontas Eorpach i dtaca le tionscadail Interreg agus cuirtear caiteachas gaolmhar €38,000 ar fáil i bhFo-mhírcheann C.4 (2021: €173,000).

Fuair an Roinn maoiniú €99,000 (2021: €363,000) ón Aontas Eorpach i dtaca le tionscadail Fhís 2020 agus cuirtear caiteachas gaolmhar €353,000 ar fáil i bhFo-mhírcheann C.4 (2021: €753,000).

Soláthraítear i bhFo-mhírcheann A.7 an caiteachas a bhaineann le tionscadail Life i suim €290,000 (2021: €nialas).

## 6.2 Calaois agus calaois amhrasta

Tá an Roinn ar an eolas faoi líomhain calaoise amhrasta a bhféadfadh gur tharla sí i soláthraí seirbhíse a bhí ag fáil maoiniú deontais. Tá an cás sin á imscrúdú ag na húdaráis chuí, agus tá an Roinn ag fanacht leis an toradh a fháil.

## 6.3 Costais chúitimh agus dlí

**Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn sa bhliain**

| | Éilimh a rinne | | Iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | An Conraitheoir [a] | Daoine den phobal (páirtí fógra [b]) | 2022 | 2021 |
| Líon na gcásanna | 1 | 1 | 2 | — |
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar a ceann | | | | |
| Cúiteamh | 15 | — | 15 | — |
| Costais dlí | 1 | 48 | 49 | — |
| **Iomlán 2022 [c]** | **16** | **48** | **64** | — |

Nótaí

[a] Éileamh i dtaca leis an stádas a bhí ag conradh sainchomhairleora.

[b] Íocadh costais dlí an pháirtí fógra de bhun ordú cúirte.

[c] Socraíodh an dá chás sa bhliain 2022. Is ionann na figiúirí atá léirithe agus na costais iomlána ar thabhaigh an Roinn iad i ndáil leis na cásanna sin.

## 6.4 Íocaíochtaí úis dhéanaigh

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Íocaíochtaí úis | **36,600** | **21,293** |

# Nóta 7 Cuntais ilghnéitheacha

## 7.1 Ciste an Chláir Bonneagair Peitriliam

Ráiteas faoi fháltais agus íocaíochtaí Chiste an Chláir Bonneagair Peitriliam don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022.

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 5,989 | 6,072 |
| Fáltais | 499 | 685 |
| Íocaíochtaí | (423) | (768) |
| Iarmhéid ag an 31 Nollaig | **6,065** | **5,989** |

Bunaíodh an Clár Bonneagair Peitriliam (CBP) sa bhliain 1997 agus is iad cuideachtaí ola a bhfuil ceadúnas le haghaidh taiscéalaíocht amach ón gcósta acu arna eisiúint ag an Roinn a mhaoiníonn é. Bhí sé mar aidhm ag an gclár taiscéalaíocht agus gníomhaíochtaí forbartha hidreacarbóin a chur chun cinn trí struchtúir thacaíochta áitiúla a láidriú, trí bhailiú sonraí taighde a mhaoiniú agus trí thaighde 'talamhbhunaithe' i limistéir amach ó chósta na hÉireann.

De réir mar a aistríonn Éire amach ó thaiscéalaíocht ola agus gáis nádúrtha agus ó tháirgeadh ola agus gáis nádúrtha, tá an Roinn den tuairim nach gá di a thuilleadh tacú le leanúint de chláir thaighde lena dtacaítear le gníomhaíochtaí taiscéalaíochta agus forbartha hidreacarbóin.

Dá réir sin, tionscnaíodh scor ordúil an Chláir Bonneagair Peitriliam, agus ní lorgófar ranníocaíochtaí leis an gclár le haghaidh tréimhsí dar tosach an 1 Iúil 2021.

Déantar fáltais amuigh maidir leis an gciste CBP ó íocaíochtaí a sonrascadh roimh an dáta sin a thaifeadadh mar leithreasaí-i-gcabhair agus íoctar isteach sa chiste iad trí mheán fho-mhírcheann C.3.

Déanann an Oifig Rialaithe Geo-Eolaíochta sa Roinn riar ar an gciste.

## 7.2 An Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh

Ráiteas faoi fháltais agus íocaíochtaí an Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022.

| | 2022 Meastachán próifíle [a] | 2022 Iomlán | 2021 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | 165,138 | 20,261 |
| Fáltais ó Vóta 29 | | — | 160,000 |
| Fáltais ó IEEI | | 11,923 | 5,138 |
| Aistriú chuig an gCiste um Ghníomhú ar Son na hAeráide | | (1,212) | (20,261) |
| An feachtas 'Úsáid Níos Lú' | | (2,372) | — |
| Cláir iarfheistithe chónaithe/pobail | 83,041 | (49,214) | — |
| Scéim iasachta an chéad chaillteanais | 60,000 | — | — |
| Iarmhéid ag an 31 Nollaig | | **124,263** | **165,138** |

Nóta [a] Is ionann an meastachán próifíle agus an buiséad de chuid na Roinne a cuireadh i leataobh le haghaidh na gclár agus na scéimeanna sin sa bhliain 2022.

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas ar an gClár Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh (+/- 5% agus €100,000). Den tsuim €160 milliún a aistríodh ó Vóta 29 sa bhliain 2021, bhí sé beartaithe ag an Roinn €143.041 milliún a chaitheadh sa bhliain 2022. Bhí an caiteachas sa bhliain €93.827 milliún níos ísle ná mar a próifílíodh ar dtús. Is mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha a tharla sé sin.

**Cláir iarfheistithe chónaithe/pobail**

*Meastachán próifíle €83.041 milliún; toradh €49.214 milliún*

Tháinig an gannchaitheamh €33.827 milliún chun cinn mar gheall ar shrianta slabhra soláthair agus fórsa oibre sa tionscal a d'eascair as tosca idirnáisiúnta agus náisiúnta a bhí i réim sa bhliain 2022 agus as moilleanna ar dhlús a chur le gníomhaíocht faoi dhá scéim, eadhon an scéim náisiúnta nua um uasghrádú fuinnimh tí agus an scéim um pobail fuinnimh níos fearr.

Le leithdháileadh na bliana 2022 le haghaidh na scéime náisiúnta um uasghrádú fuinnimh tí, soláthraíodh d'oibreacha a bhí le soláthar trí líonra Ionad Ilfhreastail. Seoladh an scéim nua i mí Feabhra ach thóg sé roinnt míonna sula raibh na hIonaid Ilfhreastail in ann cur i gcrích a dhéanamh ar an bpróiseas clárúcháin ba ghá a chur i gcrích chun go mbeadh siad in ann oibreacha a thosú.

Seoladh an scéim um pobail fuinnimh níos fearr don bhliain 2022 i mí an Mhárta chun a chinntiú go mbeadh na deontais faoin scéim ag teacht leis an scéim náisiúnta um uasghrádú fuinnimh Tí. Ba é an toradh a bhí ar thionscadail uasghrádaithe fuinnimh ar tacaíodh leo faoi na scéimeanna sin a thosú tráth ba dhéanaí ná mar a réamh-mheasadh ná moill iarmhartach ar thionscadail a chríochnú sa bhliain, rud a d'fhág gur cuireadh siar chuig an mbliain 2023 na hoibreacha críochnaithe tí a buiséadaíodh lena n-íoc sa bhliain 2022.

**Scéim iasachta an chéad chaillteanais**

*Meastachán próifíle €60 milliún; toradh €nialas*

Is é atá i bhforbairt na scéime nuálaí seo ná próiseas casta lena mbaineann roinnt geallsealbhóirí, idir gheallsealbhóirí náisiúnta agus gheallsealbhóirí idirnáisiúnta. Bhí idirchaidreamh dian chun an scéim a fhorbairt ar siúl ar fud na bliana 2022, agus dícheall cuí fairsing ar bun idir na mBanc Eorpach Infheistíochta agus earnáil baincéireachta agus earnáil comhar creidmheasa na hÉireann. Cuireadh dhá ghlao oscailte i gcrích chun iasachtóirí rannpháirteacha ar aghaidh a shainaithint (an "cuireadh le haghaidh réamhcháilithe" agus an "cuireadh le haghaidh dámhachtana"). Níor tharla aon chaiteachas sa bhliain 2022, áfach.

**Cúlra agus gníomhaíochtaí an Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh**

Bunaíodh an Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh sa bhliain 2014 faoi fhorálacha Rialacháin an Aontais Eorpaigh (an Scéim Oibleagáidí um Éifeachtúlacht Fuinnimh), 2014 (I.R. 131 de 2014). Is iad cuspóirí an Chiste ná (i) tacú le seachadadh clár feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh agus beart eile éifeachtúlachta fuinnimh, agus (ii) forbairt margaidh le haghaidh bearta feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn.

Tá maoiniú €14.03 milliún ar an iomlán ón gCiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh infheistithe in Ireland Energy Efficiency Investments plc (IEEI). Meaitseáiltear an infheistíocht ón Stát in IEEI le maoiniú earnála príobháidí. Tá ionadaíocht ag an Aire, mar aon leis na hinfheisteoirí eile, ar choiste comhairleach infheistíochta agus faigheann na scairshealbhóirí uile tuarascálacha bliantúla agus ráitis airgeadais eatramhacha ar fheidhmíocht IEEI. Chinn an tAire, i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, gan aon mhaoiniú eile a infheistiú in IEEI i ndiaidh mhí na Bealtaine 2018. Fuair an tAire, mar scairshealbhóir, dáiltí ó IEEI sa bhliain 2021 dar luach iomlán €5.138 milliún. Aistríodh €1.212 milliún de na cistí sin chuig an gCiste um Ghníomhú ar Son na hAeráide sa bhliain 2022. Fuarthas €11.923 milliún sa bhreis ó IEEI sa bhliain 2022 tar éis sócmhainní a bhí i seilbh an chiste a dhíol. Maidir le cistí nár aistríodh chuig an gCiste um Ghníomhú ar Son na hAeráide, bhí siad le fáil lena n-úsáid sa Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh go fóill. Amhail an 31 Nollaig 2022, b'ionann luach infheistíocht an Stáit in IEEI agus €555,643.

I mí na Nollag 2021, rinneadh íocaíocht aonuaire €160 milliún ó fho-mhírcheann B.4 Cláir fuinnimh inbhuanaithe de Vóta 29 leis an gCiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh, le ceadú ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe. Bhí sé mar chuspóir leis an maoiniú sin éascú a dhéanamh ar ghníomhartha atá de bhreis orthu sin atá leagtha amach i mBuiséad 2022 chun tacú le teaghlaigh trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh a dtí. B'ionann cionroinnt na gcistí agus €100 milliún le haghaidh na scéime iarfheistithe éifeachtúlachta fuinnimh agus €60 milliún le haghaidh scéim ráthaíochta iasachta. Fuarthas ceadú i mí na Nollag 2022 chun €111.028 milliún [a] a thabhairt anonn, rud ab ionann agus iarmhéid neamhchaite an bharrachais caipitil den €160 milliún sa Chiste don bhliain 2022, agus tá na leithdháiltí don bhliain 2023 mar a leanas:

- €60 milliún ar an Scéim Ráthaíochta Iasachta Iarfheistithe Chónaithe
- €51.028 milliún ar chláir iarfheistithe chónaithe/pobail

Nóta [a] Rinneadh aisíocaíochtaí ab ionann agus €242,000 a fuarthas ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann sa bhliain 2022 a thaisceadh isteach i gcuntas bainc de chuid an Vóta. Bhain na haisíocaíochtaí sin le híocaíochtaí a rinneadh ar dtús tríd an gCiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh agus aistríodh ar ais chuig an gciste iad sa bhliain 2023. Maidir leis an tsuim €242,000 sin, i dteannta an iarmhéid €110.786 milliún sa chiste ag an 31 Nollaig 2022 i ndáil le suimeanna a d'eascair as Vóta 29, tá sí ag teacht leis an tsuim €111.028 milliún a tugadh anonn lena caitheamh sa bhliain 2023.

**Scéimeanna a cómhaoiníodh idir an Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh agus Vóta 29**

Thabhaigh an Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh caiteachas €49.021 milliún i ndáil leis na cláir iarfheistithe chónaithe/pobail sa bhliain 2022. Tabhaíodh €114.234 milliún sa bhreis i ndáil leis na cláir chéanna sa bhliain 2022 faoi fho-mhírcheann B.4 den Vóta.

| | **Vóta 2022 €000** | **CNÉF 2022 €000** | **Iomlán 2022 €000** |
|---|---|---|---|
| Fuinneamh níos fearr, tithe níos teo | 57,869 | 34,834 | 92,703 |
| Teas agus folláine fuinnimh níos fearr | 4,240 | 1,196 | 5,436 |
| Tithe fuinnimh níos fearr | 28,243 | 7,867 | 36,110 |
| Pobail fuinnimh níos fearr | 15,179 | 2,197 | 17,376 |
| Iarfheistiú domhain | 216 | 49 | 265 |
| Scéim um ionaid ilfhreastail a fhorbairt | 8,487 | 3,071 | 11,558 |
| | **114,234** | **49,214** | **163,448** |

Ar leithligh, cómhaoiníodh an feachtas 'Úsáid Níos Lú' idir an Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh agus an Vóta. Caitheadh €2.372 milliún ón gCiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh sa bhliain 2022 agus muirearaíodh €1.716 milliún ar oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha sa Vóta. Tá €647,000 ar áireamh in iarmhéideanna dochair eile sa Vóta, go dtí go n-aistreofar iad chuig an gCiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh sna míonna tosaigh den bhliain 2023. B'ionann agus €4.735 milliún an caiteachas ar an bhfeachtas 'Úsáid Níos Lú' don bhliain 2022. Ba é €5 mhilliún an buiséad don fheachtas sin. Tháinig an gannchaitheamh €265,000 ar an bhfeachtas chun cinn de bharr barainneacht a baineadh amach i gceannach meán a bhí bunaithe ar an am den bhliain agus de bharr barainneacht scála.

## Aguisín A Sceideal tailte agus foirgneamh

Is leis an Aire na réadmhaoine seo a leanas.

1 Foirgneamh Ard-Oifig an Phoist
2 Stua Siopadóireachta Ard-Oifig an Phoist
3 1-6 Foirgnimh Oifig an Phoist
4 24-30 Sráid Anraí

Bainistítear na réadmhaoine sin faoi léasanna nó ceadúnais arna ndeonú ag an Stát.

Is leis an Aire Iascach na Gaillimhe i gCathair na Gaillimhe agus Iascach Abhainn Fhia/Abhainn tSocair i gCo. Dhún na nGall. Is é Iascach Intíre Éireann a bhainistíonn an dá iascach sin.

Tá leas tairbhiúil ag an Aire sna líonraí cathrach freisin. Maoiníodh tógáil na líonraí sin i gcomhpháirt le húdaráis áitiúla áirithe agus le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

Is leis an Aire talamh chun feabhsú láithreáin mianadóireachta leagáide Abhóca agus Bhéal Átha Gabhann a éascú.

## Aguisín B Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí atá faoi choimirce na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Tugtar le fios ann cén tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus cathain a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| Ciste Comhlachta/Roinne | An tréimhse chuntasaíochta dheireanach | Dáta na tuarascála iniúchta | An dáta a fuair an tAire/an Roinn í | An dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í |
|---|---|---|---|---|
| An Post | 2021 | 20 Aib 2022 | 20 Aib 2022 | 24 Mei 2022 |
| An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide [a] | 2021 | 31 Ean 2022 | 25 Fea 2022 | 29 Mei 2022 |
| An Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach | 2021 | 17 Mei 2022 | 26 Iúil 2022 | 5 Ean 2023 |
| Bord na Móna [b] | 2021 | 23 Mei 2021 | 5 Iúil 2021 | 21 Iúil 2021 |
| An Coimisiún um Rialáil Fóntais | 2021 | 31 Már 2022 | 29 Aib 2022 | 14 Iúil 2022 |
| EirGrid [c] | 2021 | 20 Nol 2021 | 30 Ean 2022 | 26 Bea 2022 |
| BSL | 2021 | 1 Már 2022 | 1 Már 2022 | 6 Aib 2022 |
| Corparáid Náisiúnta Pheitriliam na hÉireann | 2021 | 21 Mei 2022 | 26 Lún 2022 | 21 DF 2022 |
| An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta | 2021 | 23 Mei 2022 | 26 Lún 2022 | 28 MF 2022 |
| Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann | 2021 | 30 Mei 2022 | 30 Mei 2022 | 19 Nol 2022 |
| Iascach Intíre Éireann [d] | 2020 | 20 Nol 2021 | 21 Nol 2021 | 1 Aib 2022 |
| Gníomhaireacht na Lochanna [d] | 2020 | 21 Nol 2021 | 4 Ean 2022 | 28 Fea 2022 |
| An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | 2021 | 3 Mei 2022 | 24 Mei 2022 | 13 DF 2022 |
| An Ciste Comhshaoil | 2021 | 19 Nol 2022 | 9 Ean 2023 | 20 Ean 2023 |
| An Ciste um Ghníomhú ar Son na hAeráide | 2021 | 16 Nol 2022 | 9 Ean 2023 | 20 Ean 2023 |

Nótaí
[a] Tréimhse an chuntais: an 1 Iúil 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2021.
[b] Tréimhse an chuntais: an 1 Aibreán 2020 go dtí an 31 Márta 2021.
[c] Tréimhse an chuntais: an 1 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 30 Meán Fómhair 2021.
[d] Níl tuarascáil bhliantúil agus cuntais don bhliain 2021 curtha faoi bhráid an Oireachtais fós.